Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann

Gambling Regulatory Authority of Ireland

# GRAI
# Tuarascáil Bhliantúil
# 2025

# Clár


| | |
|---|---|
| **Brollach leis an gCathaoirleach** | **2** |
| **Brollach leis an bPríomhfheidhmeannach** | **3** |
| **Ár gCeannaireacht** | **5** |
| **Garspriocanna 2025** | **7** |
| **Comhoibriú** | **9** |
| **Ár dTírdhreach Rialála** | **10** |
| **Ár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna** | **12** |
| **Ár Straitéis** | **13** |
| **Ár Sé Sprioc Straitéiseacha** | **14** |
| Sprioc Straitéiseach 1 - Ceadúnú | 15 |
| Sprioc Straitéiseach 2 - Monatóireacht agus Comhlíonadh | 17 |
| Sprioc Straitéiseach 3 - Forfheidhmiú | 18 |
| Sprioc Straitéiseach 4 - Cosaint Tomhaltóirí | 19 |
| Sprioc Straitéiseach 5 - Daoine, Eagraíocht agus Rialachas | 20 |
| Sprioc Straitéiseach 6 - Digiteach chun Tosaigh | 22 |
| **Rialachas** | **24** |

# Brollach leis an gCathaoirleach



**Bliain mhúnlaitheach a bhí ann d'Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann le bliain anuas. Arna ceapadh ag an Aire i mí an Mhárta 2025, bunaíodh an tÚdarás mar rialtóir reachtúil nua a bhfuil sé de dhualgas air maoirseacht a dhéanamh ar earnáil a bhfuil scála agus tionchar sóisialta suntasach aici.**

Ón tús, bhíomar dírithe ar an mbunchloch a leagan do chóras rialála nua a léiríonn fairsinge na gníomhaíochta cearrbhachais in Éirinn agus na dochair a d'fhéadfadh teacht chun cinn nuair nach ndéantar rialáil éifeachtach uirthi.

Bhí an tÚdarás feasach ón tús go mbeadh tábhacht lena chinntí luatha i bhfad a mhairfeadh níos faide ná a chéad bhliain oibríochta. Beidh tionchar ag an gcaoi a bhfuil an creat rialála múnlaithe, na luachanna a threoraíonn cinnteoireacht, agus na caighdeáin a leagann an tÚdarás síos dó féin ar mhuinín an phobail i rialáil an chearrbhachais sna blianta amach romhainn. Mar Údarás, táimid tar éis dul i ngleic leis an tasc seo le tuiscint shoiléir ar chuspóir fadtéarmach agus freagracht i leith leas an phobail.

Tá rialachas láidir i ndiaidh a bheith lárnach san obair seo. Forbraíodh struchtúir, beartais agus córais dhigiteacha éifeachtacha chun tacú lenár neamhspleáchas rialála, lenár n-ionracas agus lenár gcinnteoireacht éifeachtach. Tá socruithe soiléire i bhfeidhm chun maoirseacht, trédhearcacht agus cuntasacht chuí a chinntiú i bhfeidhmiú cumhachtaí reachtúla. Tá sé ríthábhachtach struchtúir agus beartais láidre a bhunú chun muinín a fháil agus a chothabháil san Údarás agus sa chóras rialála ina iomláine.

Ba gharsprioc thábhachtach glacadh leis an gcéad Ráiteas Straitéise de chuid an Údaráis do 2025–2027. Soláthraíonn an Ráiteas seo an creat le haghaidh fhorbairt an Údaráis agus le haghaidh chur i bhfeidhm céimnithe an chórais rialála nua. Leagtar amach sainordú soiléir ann maidir le cosaint an phobail — chun a chinntiú go ndéantar cearrbhachas in Éirinn go sábháilte, go cothrom agus go trédhearcach — agus bunaítear leis cur chuige an Údaráis i gcosc, i gcosaint agus i rialáil atá bunaithe ar fhianaise. Sa Straitéis, aithnítear sé réimse fócais straitéisigh, lena n-áirítear ceadúnú, monatóireacht agus comhlíonadh, forfheidhmiú, cosaint agus feasacht tomhaltóirí, cumas agus rialachas eagraíochtúil, agus cur chuige digiteach chun tosaigh. Is iad na tosaíochtaí sin an bunús ar a gcoinneofar an tÚdarás cuntasach as a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.

Léiríonn forbairt ar chórais ceadúnaithe náisiúnta aonair athrú bunúsach ar an gcaoi a rialáiltear cearrbhachas in Éirinn. Den chéad uair riamh, tá struchtúr comhtháite agus cuimsitheach ann trína bhféadfar ionchais iompraíochta, rialachais, agus cosanta tomhaltóirí a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na hearnála.

Ní críoch ann féin an córas seo; ina ionad sin, is bealach é chun timpeallacht chearrbhachais a mhúnlú ina bhfuil cosaintí ann don phobal, timpeallacht ina dtacaítear le caighdeáin níos airde ar fud an tionscail.

Tasc atá ag éirí níos casta is ea rialáil an chearrbhachais, atá múnlaithe ag samhlacha seachadta digiteacha, oibríochtaí idirnáisiúnta, agus patrúin athraitheacha iompraíochta tomhaltóirí. Is go rímhaith a thuigeann an tÚdarás na freagrachtaí a bhronn an tOireachtas air agus ar na dúshláin a bhaineann le hearnáil dhinimiciúil atá cumasaithe ag an teicneolaíocht a rialáil. Is é an tasc atá romhainn ná rialáil a dhéanamh ar bhealach atá láidir, comhréireach agus freagrúil do riosca, agus muid fós dírithe ar dhaoine aonair, teaghlaigh agus an pobal i gcoitinne a chosaint ar dhochar a bhaineann leis an gcearrbhachas.

Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfuil acmhainní cuí ag an Údarás Rialála Cearrbhachais chun a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. Ní hamháin go mbraitheann rialáil éifeachtach ar chumhachtaí reachtacha, ach braitheann sí chomh maith ar an gcumas na cumhachtaí sin a fheidhmiú go neamhspleách, go comhsheasmhach, agus thar thréimhse ama. Ós rud é go bhfuil an tAcht um Rialáil Cearrbhachais, 2024 curtha i bhfeidhm ina iomláine, beidh sé ríthábhachtach aird leanúnach a thabhairt ar acmhainní inbhuanaithe chun a chinntiú go mbeidh an Rialtóir in ann a fhreagrachtaí a chomhlíonadh i leith an Oireachtas, an phobail i gcoitinne, na gceadúnaithe laistigh dá chúram rialála. Tá an tÚdarás ag tnúth le bheith ag obair leis an Aire O'Callaghan agus a oifigigh sa mhéid sin.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas agus do ghairmiúlacht an Phríomhfheidhmeannaigh agus fhoireann an Údaráis. Leag a gcuid oibre, agus obair oifigigh na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce roimh ár mbunú, an dúshraith do rialtóir atá in ann freastal ar na hionchais arda a chuirtear air. De réir mar a thagann an tÚdarás in aibíocht, leanfaidh sé de bheith á threorú ag cuspóir láidir poiblí agus ag an muinín a chuireann an pobal ann.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Jim O'Callaghan TD agus lena oifigigh sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce as a dtacaíocht don Údarás Rialála Cearrbhachais agus don obair atá ar bun againn.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas le mo chomhbhaill Údaráis as a gcomhairle críonna agus a ndúthracht i rith na bliana.

I ngach a ndéanaimid, táimid feasach ar ár n-oibleagáid i leith phobal na hÉireann a chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí cearrbhachais dea-rialaithe agus cothrom.

**Paul Quinn**
Cathaoirleach

# Brollach leis an bPríomhfheidhmeannach



**Mar Phríomhfheidhmeannach Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann (GRAI), tá áthas orm a thuairisciú gur bliain lán le dul chun cinn a bhí inár gcéad bhliain i mbun oibríochta agus an chéad chóras rialála don earnáil chearrbhachais agus chluichíochta in Éirinn á bhunú againn.**

Tá ár n-iarrachtaí le bliain anuas tar éis dúshraith a leagan a threoróidh muid amach anseo mar rialtóir iontaofa, aitheanta agus éifeachtach don earnáil, rialtóir a chuireann sláinte an phobail i gcroílár na n-oibríochtaí uile.

Tá an tAcht um Rialáil Cearrbhachais, 2024 ar cheann de na píosaí reachtaíochta cosanta poiblí is cuimsithí a tugadh isteach i nDáil Éireann. Tá trí ról againn: rialáil a dhéanamh ar an tionscal cearrbhachais, a chinntiú go gcomhlíontar reachtaíocht atá ceaptha chun an pobal a chosaint ar dhochar an chearrbhachais, agus feabhas a chur ar thaighde agus ar fheasacht sa réimse seo.

Aithníonn GRAI an tábhacht a bhaineann lenár sainordú reachtach agus le dúshraith a leagan do chóras rialála atá comhréireach, nuálach agus gairmiúil. Ba é bunú ár gcórais ceadúnaithe an gharsprioc ba thábhachtaí don tionscal agus do thomhaltóirí araon le linn na bliana seo caite. I mí Feabhra 2026, thosaíomar ag glacadh le hiarratais ar cheadúnais gealltóireachta cianda, ceadúnais idirghabhálaí gealltóireachta cianda, agus ceadúnais gealltóireachta duine le duine. Ba é seo carnadh an taighde fairsing sa bhliain roimhe sin, lenar áiríodh rannpháirtíocht le hoibreoirí, chun próiseas iarratais ar cheadúnú ar líne a thabhairt chun cinn atá cuimsitheach agus éifeachtach. Tugadh treoir fhairsing d'oibreoirí maidir leis an méid a mbeifí ag súil leis. Bunaíodh meithleacha chun iarratais a mheasúnú, agus a chinntiú go bhfuil iarratasóirí in ann ceanglais airgeadais, rialachais agus cosanta tomhaltóirí a chomhlíonadh. Ag teacht lenár gcur chuige digiteach chun tosaigh, forbraíodh tairseach ar líne chun ligean d'oibreoirí a n-iarratas ar cheadúnas a chur isteach agus doiciméid ábhartha a uaslódáil ar líne. Tá súil againn ceadúnais Ghealltóireachta a eisiúint ó mhí Iúil. Nuair a bheidh ceadúnas tugtha dóibh, ní mór d'oibreoirí a n-oibleagáidí faoin Acht a chomhlíonadh agus déanfar beart mura ndéanann siad amhlaidh. Tugtar leis seo cosaintí do thomhaltóirí nach bhfuil acu le hoibreoirí neamhcheadúnaithe.

Ón tús, bhí rún daingean agam gur cheart go mbeadh ár gcuid oibre bunaithe ar fhianaise agus ar fhíricí. Tá an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta fostaithe againn chun sraith tionscadal taighde a dhéanamh atá dírithe ar chur lenár dtuiscint ar chearrbhachas in Éirinn. Tá an clár taighde leanúnach seo ríthábhachtach chun tuiscint a fháil ar na nithe a spreagann daoine le bheith ag cearrbhachas agus an tionchar atá aige sin ar na daoine a mbíonn an cearrbhachas ina fhadhb dóibh. Bhain staidéar amháin den sórt sin le bliain anuas le taighde ar Leanaí agus Cearrbhachas.

D'oibríomar le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe ar fheachtais feasachta poiblí, lena n-áirítear fógraí spriocdhírithe ar líne a chuireann an pobal ar an eolas faoi dhochar an chearrbhachais agus a threoraíonn iad chuig na tacaíochtaí atá ar fáil, agus mhéadaíomar an úsáid a bhainimid as LinkedIn, YouTube, agus X chun cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh le lucht féachana agus cur le próifíl an Údaráis.

Tá saineolaithe earcaithe againn ar fud ár ranna uile, ní hamháin i gceadúnú ach i gcórais TF, i gcomhlíonadh agus i gcosaint tomhaltóirí, agus i dtaighde agus in oideachas. Tá sé seo tar éis ár gcumas a leathnú chun bogadh ar aghaidh, ar bhonn céimnithe, ó cheadúnú gníomhaíochtaí gealltóireachta go dtí tús a chur le córais comhlíonta rialála agus forfheidhmithe.

Leanaimid orainn ag cothú caidrimh oibre láidre le comhlachtaí rialála idirnáisiúnta. I rith na bliana, shíníomar Meabhráin Tuisceana le Rialtóirí Cearrbhachais sa Ríocht Aontaithe, sa Bheilg, agus i nGiobráltar. Féachann GRAI le comhrialtóirí thar lear chun a chinntiú go ndearaimid ár bpróisis chomhlíonta de réir chaighdeáin an dea-chleachtais idirnáisiúnta agus chun tacaíocht fhrithpháirteach a chothú agus a leabú, go háirithe i réimsí amhail cearrbhachas ar an margadh dubh, a sháraíonn teorainneacha. Maidir le páirtithe leasmhara níos leithne, cuirimid fáilte roimh fhorbairtí ó bhainc na hÉireann, lena n-áirítear Banc na hÉireann, AIB, Revolut, EBS, agus PTSB agus iad ag tabhairt isteach baic dheonacha ar chártaí dochair dóibh siúd ar mian leo a ngníomhaíocht chearrbhachais a laghdú nó a scor. Táimid i gcomhpháirtíocht le hÚdarás na gCaighdeán Fógraíochta chun an próiseas gearán a bhaineann le fógraíocht le haghaidh cearrbhachais a chuíchóiriú.

Ag féachaint chun cinn, tá GRAI ag bogadh go seasta ón rolladh amach tosaigh go dtí an seachadadh leanúnach. Sa bhliain atá romhainn oibreoimid chun an Ciste Tionchair Shóisialta a sheoladh, agus cistí a chur ar fáil a luaithe is féidir. Leathnóimid an creat ceadúnaithe chuig réimsí breise cearrbhachais, agus cuirfimid tús le gníomhaíocht chomhlíonta struchtúrtha, gabhfaimid páirt i ngníomhaíocht forfheidhmithe straitéisigh agus cuirfimid le hullmhacht oibríochtúil ar fud na bhfeidhmeanna uile chun an chéad chéim eile dár gcuid oibre a shainiú. Cuireann an dul chun cinn a rinneadh i mbliana bonn láidir ar fáil, ach táimid fós dírithe go daingean ar sheachadadh agus ar mhuinín an phobail a chothú trí rialáil chomhsheasmhach, iontaofa.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas fhoireann an Údaráis a d'oibrigh i gcúinsí dúshlánacha chun rialtóir feidhmiúil a thógáil ón mbonn aníos. Bhí a saineolas, a dtiomantas agus a ngairmiúlacht lárnach don dul chun cinn a baineadh amach agus leanfaidh siad de chultúr agus éifeachtacht an Údaráis a mhúnlú de réir mar a thagann forbairt air.

Táim buíoch freisin den Aire Jim O'Callaghan agus d'fhoireann na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce as a dtacaíocht dhiongbháilte le bliain anuas.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí an Údaráis as a gcomhairle straitéiseach, a dtreoir agus a dtacaíocht le bliain anuas.

Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair lenár bpáirtithe leasmhara go léir de réir mar a leanann GRAI ag fás mar údarás rialála. Táim muiníneach gur láidir na bunchlocha atá leagtha síos, rud a chuirfidh ar ár gcumas leanúint de rialtóir éifeachtach a thógáil don earnáil chearrbhachais, rud a chabhróidh le pobal eolach a chosaint ar dhochar an chearrbhachais.

**Anne Marie Caulfield**
Príomhfheidhmeannach

# Ár gCeannaireacht

## Comhaltaí an Údaráis

Tá Údarás GRAI freagrach as treo straitéiseach na heagraíochta a shocrú. Tá seachtar comhaltaí ann, an Cathaoirleach san áireamh, a bhfuil saineolas fairsing comhchoiteann acu i réimsí an Airgeadais, an Dlí, an Rialtais, na Meáin, na Sláinte Poiblí agus an Tionscail Cearrbhachais. Cheap an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce na Comhaltaí Údaráis tar éis próiseas arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.



**Paul Quinn**
Cathaoirleach



**Celene Craig**



**Rita Purcell**



**Marion Kelly**



**Michael McGrath**



**David Hickson**



**An Dr Colin O'Driscoll**

## Foireann Ceannaireachta 2025

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i gceannas ar Fhoireann Cheannaireachta GRAI agus tá Stiúrthóirí ó raon leathan disciplíní mar chuid di. Tá ról ríthábhachtach ag an bhFoireann Cheannaireachta i gcláir inghníomhaithe a dhéanamh de chuspóirí straitéiseacha GRAI, fad is a chinntítear comhlíonadh, rialachas corparáideach agus comhlíonadh oibleagáidí reachtúla GRAI.

## Foireann Feidhmeannais GRAI i mí na Nollaig 2025



**Anne Marie Caulfield**
Príomhfheidhmeannach



**Linda Kerr**
Stiúrthóir Ceadúnaithe



**Steven Sheridan**
Stiúrthóirí Cosanta Tomhaltóirí agus Cumarsáide



**Rebecca Coen**
Stiúrthóir Forfheidhme, Dlíthiúil agus Frith-Sciúrtha Airgid



**Michaela McAleer**
Stiúrthóir Comhlíonta agus Gearán



**Suzanne Lambe**
Stiúrthóir Daoine & Seirbhísí Corparáideacha



**Brinsley Sheridan**
Stiúrthóir TFC

# Garspriocanna 2025

## Ráithe 1

- An tAcht um Rialáil Cearrbhachais sínithe ina dhlí
- Bunú GRAI
- Comhaltaí d'Údarás GRAI ceaptha ag an Aire O'Callaghan



- Údarás GRAI tagtha le chéile den chéad uair
- Comhairliúcháin tosaithe i bhforbairt Straitéis Mhaoinithe an Chiste Tionchair Shóisialta
- Comhpháirtíocht bunaithe le hÚdarás Caighdeán Fógraíochta na hÉireann (ASAI)

## Ráithe 2

- Oifigí GRAI ar Shráid an Mhóta oscailte go hoifigiúil ag an Aire O'Callaghan



- Meabhrán Tuisceana (MOU) sínithe le Coimisiún Cearrbhachais na Ríochta Aontaithe



- Comhairliúchán poiblí ar cheadúnú oscailte
- Meabhrán Tuisceana sínithe le Coimisiún Cearrbhachais na Beilge



- Labhraíonn Anne Marie Caulfield, Príomhfheidhmeannach GRAI ar an bpodchraoladh 'The Problem Gambling Podcast'
- Fáilte curtha ag GRAI roimh thabhairt isteach blocálacha deonacha ar chártaí dochair i mBanc na hÉireann
- Grúpaí fócais an Chiste Tionchair Shóisialta ar siúl
- Taighde seolta ag GRAI & ESRI ar spreagthaí cearrbhachais
- Meabhrán Tuisceana sínithe le Rialtóir Cearrbhachais Ghiobráltair



- Anne Marie Caulfield, PF GRAI, i mbun cainte ag Cruinniú Mullaigh Chumann Idirnáisiúnta na gComhairleoirí Cearrbhachais



## Ráithe 3

- Treoirlínte iarratais ceadúnaithe foilsithe ag GRAI
- Fáilte curtha ag GRAI roimh thabhairt isteach blocálacha deonacha PTSB ar chártaí dochair
- GRAI i mbun comhoibrithe le hAontas na Mac Léinn in Éirinn chun dul i gcomhairle faoina suirbhé mac léinn ina bhfuil cearrbhachas mar ábhar den chéad uair



- GRAI i láthair ag Comhdháil um Chosaint Imreoirí 2025
- GRAI i láthair ag seoladh an Chomhthiomantas Cúraim do Chearrbhachas Fadhbach

## Ráithe 4

- Ráiteas Straitéise GRAI 2025-2027 seolta ag an Aire O'Callaghan




- Feachtas feasachta branda seolta ag GRAI
- Cur i láthair déanta ag Anne Marie Caulfield, Príomhfheidhmeannach GRAI, ag comhdháil Fhondúireacht Taighde Naomh Eoin Dé Saineolas tugtha ag saineolaithe ar andúil agus ar na dúshláin a bhíonn rompu, lena n-áirítear cearrbhachas
- Taighde ar Leanaí agus ar Chearrbhachas Fadhbach seolta ag GRAI agus ESRI
- Seimineár gréasáin á óstáil le hoibreoirí chun plé a dhéanamh ar riachtanais iarratais do Chéim 1 den Cheadúnú



# Comhoibriú


## Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Mar chomhlacht rialála nuabhunaithe, aithnímid an tábhacht a bhaineann le caidrimh ghairmiúla a thógáil le gach páirtí leasmhar agus timpeallacht a fhorbairt a ina gcothaítear muinín idir na ceadúnaithe agus na grúpaí abhcóideachta atá ag obair i réimse an chearrbhachais agus linne mar rialtóir. Le linn 2025, bhuail muid le raon leathan páirtithe leasmhara éagsúla agus tras-earnála lena n-áirítear;

- Comhlachtaí rialála
- Oibreoirí tionscail
- Soilsiú Poiblí
- Comhlachtaí Poiblí
- Grúpaí abhcóideachta agus eagraíochtaí taighde
- Ranna Rialtais

## An chaoi a bpléimid lenár bpáirtithe leasmhara

**Ár suíomh gréasáin:** is é an phríomhfhoinse faisnéise dár bpáirtithe leasmhara é, ar a bhfuil faisnéis agus treoir úsáideach maidir le gach gné dár róil agus dár bhfeidhmeanna.




**Ár nuachtlitreacha:** eisítear iad go rialta chun príomhpháirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi na rudaí atá ag tarlú in GRAI, agus faoi dhul chun cinn sa timpeallacht rialála nua, sna foilseacháin agus sa treoir.

**Seimineáir Gréasáin:** cuireann siad ardán tábhachtach ar fáil a chuir ar ár gcumas faisnéis thábhachtach a sholáthar d'oibreoirí agus cabhrú leo ullmhú nuair a osclaítear iarratais cheadúnaithe.

**Treoir:** bhí sé ríthábhachtach in 2025 treoirlínte, amhail Ceisteanna Coitianta, a fhoilsiú chun cabhrú le hoibreoirí, agus le páirtithe leasmhara níos leithne, an dlí a thuiscint.



**Freastal ar imeachtaí:** roinneadh eolas, scileanna agus taithí ag imeachtaí ar fud an tionscail ar fud na tíre, lena n-áirítear an príomhimeacht tionscail cluichíochta ICE, agus an Chomhdháil Idirnáisiúnta um Chosaint Imreoirí sa Háig a d'óstáil Údarás Cearrbhachais na hÍsiltíre. Freastalaíodh ar chomhdhálacha a tionóladh ag eagraíochtaí tacaíochta cearrbhachais agus comhlachtaí taighde agus glacadh páirt iontu freisin.

**Meamraim Chomhthuisceana:** cuireann siad bonn foirmeálta faoinár gcaidrimh oibre agus cuireann siad ar ár gcumas ár gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí. Sa bhliain 2025, shínigh muid le Coimisiún Cearrbhachais na Beilge, le Rialtóir Cearrbhachais Ghiobráltar agus le Coimisiún Cearrbhachais na Ríochta Aontaithe.









# Ár dTírdhreach Rialála

**Bunaíodh GRAI ar an 5 Márta 2025. Faoin Acht um Rialáil Cearrbhachais, 2024, tá na feidhmeanna seo a leanas ag GRAI, atá á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe thar an tréimhse 2025 – 2027:**

1 **(a)** ceadúnú, maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cearrbhachais sa Stát,

**(b)** chun na nithe seo a leanas a bhunú agus a chothabháil—

**(i)** clár de cheadúnaithe cearrbhachais, agus

**(ii)** Clár Náisiúnta Eisiaimh Cearrbhachais,

**(c)** an Ciste Tionchair Shóisialta a bhunú, a chothabháil agus a riaradh i gcomhréir le Caibidil 4 de Chuid 2,

**(d)** caighdeáin a bhunú, nó a chur faoi deara go mbunófar caighdeáin, do tháirgí cearrbhachais áirithe nó do sheirbhísí gaolmhara le cearrbhachas, nó don dá rud, agus na táirgí nó na seirbhísí sin a dheimhniú lena ndíol nó lena soláthar ag sealbhóir ceadúnais cearrbhachais Gnólacht go Gnólacht i gcomhréir le Caibidil 8 de Chuid 5,

**(e)** oibleagáidí a fhorchur ar cheadúnaithe agus ar dhaoine eile i ndáil le fógraíocht agus éadaí agus earraí brandáilte,

**(f)** oibleagáidí a fhorchur ar cheadúnaithe lena n-áirítear, i gcomhréir le Cuid 6, i ndáil le cosaint leanaí, dreasachtaí chun cearrbhachais, urraíocht gníomhaíochtaí cearrbhachais ábhartha, oiliúint foirne, fógra a thabhairt faoi phatrúin amhrasacha cearrbhachais (de réir bhrí alt 156 (1)) agus cothabháil cuntas agus taifead,

**(g)** faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta seo ag ceadúnaithe agus é a fhorfheidhmiú,

**(h)** cibé bearta forfheidhmiúcháin is gá a dhéanamh, i gcomhréir le Cuid 8, chun oibleagáidí ábhartha a fhorfheidhmiú,

**(i)** déileáil le gearáin a dhéantar chuig an Údarás de réir Chuid 7,

**(j)** bearta a dhéanamh chun deireadh a chur le gníomhaíochtaí cearrbhachais toirmiscthe i gcomhréir le Cuid 4,

**(k)** feasacht an phobail a fheabhsú agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal maidir le ceadúnú agus rialáil gníomhaíochtaí cearrbhachais,

**(l)** a bheith ina údarás inniúil chun críocha Acht 2010,

**(m)** socruithe comhroinnte faisnéise a dhéanamh le daoine lasmuigh den Stát a chomhlíonann feidhmeanna comhchosúla leis an Údarás agus comhaontuithe comhroinnte faisnéise a dhéanamh le daoine sa Stát,

**(n)** dul i mbun gníomhaíochtaí taighde i ndáil le gníomhaíochtaí cearrbhachais,

**(o)** athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an Achta seo ó am go ham agus tuarascáil a thabhairt don Aire ar thoradh an athbhreithnithe agus, más iomchuí, moltaí a dhéanamh don Aire i ndiaidh an athbhreithnithe sin,

**(p)** tuarascáil a thabhairt don Aire maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna nuair a iarrann an tAire air déanamh amhlaidh, agus

**(q)** comhoibriú, i ndáil le rialáil gníomhaíochtaí cearrbhachais, leis an Údarás Rialála Carthanas, leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, le Coimisiún na Meán agus leis na Coimisinéirí Ioncaim.

2 Beidh ag an Údarás na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

3 Faoi réir an Achta seo, beidh an tÚdarás neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

4 Féadfaidh an tÚdarás a cheangal ar an bpríomhfheidhmeannach feidhmeanna an Údaráis a chomhlíonadh seachas feidhmeanna an Údaráis faoi Chaibidil 2 de Chuid 4 nó Caibidil 8 de Chuid 8.

## Reachtaíocht

Tugann an tAcht um Rialáil Cearrbhachais, 2024 ár gcumhachtaí reachtúla do GRAI.

Tá trí phríomhphrionsabal mar threoir ag an reachtaíocht:

- A chinntiú go ndéantar cearrbhachas ar bhealach cothrom agus sábháilte.
- Go bhfuil bearta sábháilteachta i bhfeidhm chun dul i ngleic le cearrbhachas fadhbach.
- Cosc a chur ar chearrbhachas ó bheith ina fhoinse nó ina thacaíocht don choireacht.

## An Earnáil Chearrbhachais

Léirítear éagsúlacht earnáil chearrbhachais na hÉireann lena raon leathan táirgí, tírdhreach digiteach atá ag forbairt go mear, agus déimeagrafach éagsúil rannpháirtithe. Áirítear leis an earnáil réimse leathan gníomhaíochtaí:

- **Crannchuir agus Scríobchártaí:** An cineál cearrbhachais is mó tóir, agus thart ar 40% go 56% den daonra fásta ag glacadh páirte ann.
- **Spórt agus Rásaíocht:** Tá geallta ar shacar, rugbaí, rásaíocht capall, agus rásaíocht con fós ina bpríomhghné, rud is féidir a dhéanamh i siopaí geallghlacadóra agus ar ardáin ar líne.
- **Cluichíocht agus Casaíní:** Áirítear anseo pócar, blackjack, rúiléid, agus meaisíní cearrbhachais in árais siamsaíochta nó i gclubanna príobháideacha do bhaill.
- **Táirgí Digiteacha atá ag Teacht Chun Cinn:** Chonacthas fás tapa i ríomhspóirt, i gcluichí fíorúla, agus i ngnéithe gealltóireachta sóisialta cosúil le linnte gealltóireachta príobháideacha agus fóraim phobail.
- **Cearrbhachas Carthanach:** Reáchtálann eagraíochtaí neamhbhrabúis crannchuir nó biongó chun airgead a thiomsú.

Tá meath seasta, spreagtha ag cúrsaí tráchtála, tagtha ar an earnáil gealltóireachta miondíola le deich mbliana anuas, fad is a leanann an earnáil chianda (ar líne) de bheith ag méadú.

- **Siopaí Geallghlacadóra Miondíola:** Thit líon na siopaí geallghlacadóra fisiciúla go 684 ag deireadh 2025, laghdú suntasach ó 1,385 siopa in 2008.
- **Oibreoirí Cianda:** Amhail mí Feabhra 2026, tá thart ar 91 ceadúnas geallghlacadóireachta cianda gníomhach in Éirinn.
- **Meaisíní Cearrbhachais:** Seo ceann de na sciartha is mó de réir méide. Eisíodh breis is 9,600 ceadúnas meaisín cearrbhachais le blianta beaga anuas i ndiaidh cniogbheartaíocht rialála ar dhíoltóirí neamhcheadúnaithe.

Tá na huimhreacha sin comhdhlúite ag an Acht um Rialáil Cearrbhachais, 2024 i dtrí phríomhchatagóir ceadúnais atá á mbainistiú ag GRAI:

1. **Gnólacht le Tomhaltóir (B2C):** Clúdaítear gealltóireacht, cluichíocht agus crannchuir leis seo, san fhíorshaol agus go cianda araon.
2. **Gnólacht le Gnólacht (B2B):** Ceanglas nua do sholáthraithe bogearraí agus do chuideachtaí seirbhíse, lena chinntiú go ndéantar grinnscrúdú ar an slabhra soláthair ar fad.
3. **Carthanacht/Daonchairdiúil:** D'eagraíochtaí neamhbhrabúis agus cumainn spóirt a reáchtálann crannchuir tiomsaithe airgid nó biongó.

Cuireann an tionscal go mór leis na ngeilleagar fós, ag fostú os cionn 6,000 duine agus ag soláthar thart ar €171 milliún in ioncam cánach bliantúil don státchiste. Meastar gurbh ionann ioncam comhlán an chearrbhachais in Éirinn agus €1.17 billiún go €2.57 billiún in 2025, de réir anailísí éagsúla.

# Ár Misean, ár bhFís & ár Luachanna

## Fís

Is é ár bhFís rialáil chomhréireach, nuálach agus ghairmiúil trína gcosnaítear pobal eolach ar dhochar an chearrbhachais

## Misean

Is é ár Misean rialáil éifeachtach a dhéanamh agus daoine a chur ar an eolas go héifeachtach chun an ghlúin reatha agus na glúnta atá le teacht a chosaint ar dhochar an chearrbhachais

## Luachanna

Ár Luachanna:

- Neamhspleáchas
- Ionracas
- Trédhearcacht
- Nuálaíocht
- Comhoibriú

# Ár Straitéis

**Sheol an tAire Jim O'Callaghan TD, Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, Ráiteas Straitéise GRAI 2025-2027 i mí Dheireadh Fómhair 2025 in éineacht leis an Uasal Paul Quinn, Cathaoirleach an Údaráis, agus Anne Marie Caulfield, Príomhfheidhmeannach GRAI.**

Tugtar leis an Ráiteas Straitéise achoimre ar ár bhfís, ár misean, ár luachanna agus na príomhchuspóirí atá le baint amach le linn ár gcéad trí bliana.

Ailíníonn ár Ráiteas Straitéise ár gcuspóir leis na feidhmeanna agus na cumhachtaí reachtúla a thugtar do GRAI lenár reachtaíocht rialaithe. Leagtar amach ann ár dtosaíochtaí straitéiseacha don chéad trí bliana eile agus muid córas rialála agus ceadúnaithe láidir á bhunú againn don earnáil chearrbhachais agus ár sainordú á chomhlíonadh againn i dtaobh chosaint an phobail. Cuirtear ár gcumas agus ár n-acmhainn oibríochtúil, ár ndaoine agus ár n-acmhainní teicneolaíochta san áireamh inár straitéis chomh maith.

Cuireann an chéad Ráiteas Straitéise seo spriocanna intomhaiste agus inbhainte ar fáil do GRAI ina bhlianta tosaigh.

Tá gach ceann de ghníomhaíochtaí GRAI fréamhaithe go daingean inár bhfeidhmeanna, inár gcumhachtaí agus inár gcuspóirí straitéiseacha mar a leagtar amach iad i Ráiteas Straitéise 2025 - 2027.








# Ár Sé Sprioc Straitéiseacha

## SPRIOC STRAITÉISEACH 1 — Ceadúnú

Córas ceadúnaithe éifeachtach, éifeachtúil agus comhréireach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, le haghaidh gealltóireachta, cluichíochta agus crannchuir, ar líne agus ar an láthair araon, do Gnólacht le Tomhaltóir, Gnólacht le Gnólacht, eagraíochtaí Carthanachta agus Daonchairdiúla, agus ceadúnas le tabhairt dóibh uile, ar bhonn céimnithe, laistigh de shaolré na Straitéise seo.

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2 — Monatóireacht agus Comhlíonadh

Córas comhlíonta cuimsitheach, láidir a bhunú chun monatóireacht chórasach a dhéanamh ar chomhlíonadh ceadúnaithe lena n-oibleagáidí dlíthiúla san Acht, rud a laghdaíonn an dóchúlacht go ndéanfar dochar leis an gcearrbhachas agus a fheidhmíonn mar bhonn faoi mhargadh cearrbhachais rialaithe dea-chleachtais in Éirinn.

## SPRIOC STRAITÉISEACH 3 — Forfheidhmiú

Creat forfheidhmithe láidir a fhorbairt a chuireann ar chumas an Údaráis aghaidh a thabhairt go héifeachtach, go díspreagúil agus go comhréireach ar sháruithe ar an Acht agus sciúradh airgid a bhaineann le cearrbhachas a chosc.

## SPRIOC STRAITÉISEACH 4 — Cosaint agus Feasacht Tomhaltóirí

Chun dochar an chearrbhachais a mhaolú agus a laghdú trí thaighde éifeachtach, oideachas, cumarsáid agus tacaíocht airgeadais tríd an gCiste Tionchair Shóisialta.

## SPRIOC STRAITÉISEACH 5 — Daoine, Eagraíocht agus Rialachas

Eagraíocht oiriúnach dá feidhm a bhunú leis na cumais, na daoine, na scileanna agus an saineolas riachtanach, agus próisis agus córais rialachais láidre mar bhonn léi.

## SPRIOC STRAITÉISEACH 6 — Digiteach chun Tosaigh

Feidhm shofhreagrúil TFC a bhunú a thacaíonn le haonaid ghnó an Údaráis agus lenár bpáirtithe leasmhara, a bhaineann leas as anailís sonraí agus as Intleacht Shaorga chun comhlíonadh ár sainchúraim reachtúil a spreagadh agus a chuireann ar chumas an Údaráis rialáil éifeachtach a dhéanamh ar earnáil chearrbhachais atá ag forbairt go tapa.

SPRIOC STRAITÉISEACH **1**

# Ceadúnú

## Forléargas

Bliain bhunúsach don Stiúrthóireacht um Cheadúnú, agus dhíríomar ar na struchtúir, na córais, an fhoireann agus na cumais a bhí riachtanach a bhunú chun córas um cheadúnú cearrbhachais cuimsitheach a chur i bhfeidhm. I gcomhréir le Ráiteas Straitéise GRAI 2025–2027, thug an Stiúrthóireacht tús áite do dhearadh agus do thógáil creat ceadúnaithe atá láidir, trédhearcach agus réidh le haghaidh oibríochta.

Bhí an Stiúrthóireacht i gcéim deartha agus ullmhachta in 2025 chun a chinntiú go mbeadh na comhpháirteanna ríthábhachtacha uile i bhfeidhm chun go bhféadfaí gníomhaíochtaí ceadúnaithe a thosú de réir a chéile ó 2026 ar aghaidh.

## Forbairt Chreat Ceadúnaithe

Le linn 2025, rinneadh dul chun cinn suntasach i bhforbairt an bheartais agus na hailtireachta rialála atá mar bhonn leis an gcóras ceadúnaithe, lena n-áirítear pleananna mionsonraithe a fhorbairt chun tacú le tosú ordúil cheadúnú gealltóireachta B2C in 2026.

I measc na bpríomhnithe a baineadh amach:

- Dearadh modheolaíochtaí measúnaithe lena gcumhdaítear ionracas airgeadais, struchtúir úinéireachta, agus cumas oibríochtúil
- Forbairt creatlach chun iarratais ar cheadúnais a mheasúnú agus a chinneadh
- Treochlár tosaithe a bhunú do cheadúnais gealltóireachta B2CB2C
- Sainmhíniú ar phríomhchlocha míle, lena n-áirítear dátaí oscailte iarratais agus spriocdhátaí aistrithe
- Ullmhú agus foilsiú treorach tacaíochta

Bunaítear leis an obair seo bunús soiléir agus comhsheasmhach le haghaidh cinnteoireachta agus cinntítear léi nach bhféadfar ach oibreoirí cuí agus comhlíontacha a bhreithniú le haghaidh ceadúnúcháin. Soláthraíonn léi an bunús dlíthiúil freisin chun iarratais ar cheadúnais a oscailt.

## Ullmhacht Oibríochta

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le cinntiú go bhfuil an Stiúrthóireacht ullmhaithe go hoibríochtúil chun iarratais ar cheadúnais a phróiseáil.

I measc na bpríomhnithe a baineadh amach:

- Earcú foirne speisialaithe i bhfeidhmeanna measúnaithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais
- Forbairt sreafaí oibre agus nósanna imeachta caighdeánaithe iarratais
- Bunú próiseas measúnaithe agus cinnteoireachta inmheánaí
- Seachadadh oiliúna chun tacú le cur i bhfeidhm comhsheasmhach caighdeán rialála
- Dearadh clár poiblí “fógra intinne” – iad siúd a bhfuil sé beartaithe acu iarratas a dhéanamh ar cheadúnas
- Dearadh clár poiblí ceadúnaithe

Cinntítear leis na bearta seo go bhfuil an saineolas agus na próisis riachtanacha ag an Stiúrthóireacht chun feidhmiú go héifeachtach tráth thosach feidhme an cheadúnúcháin.

## Córais agus Bonneagar Digiteach

I gcomhréir le cur chuige “digiteach ar dtús”, rinne an Stiúrthóireacht dul chun cinn le forbairt córais cheadúnaithe láraithe chun tacú le glacadh isteach, próiseáil agus cinnteoireacht iarratais.

I measc na bpríomhnithe a baineadh amach:

- Forbairt tairseach iarratais ceadúnaithe ó cheann go ceann
- Bunú feidhmiúlachta bainistíochta cásanna inmheánaí
- Críochnú thógáil an chórais chroí agus dul chun cinn chuig céimeanna tástála

Tá an córas deartha chun tacú le próiseáil éifeachtúil, maoirseacht atá bunaithe ar shonraí, agus comhtháthú amach anseo le feidhmeanna comhlíontachta agus forfheidhmithe.

## Forbairt Táillí Iarratais do Cheadúnais Gealltóireachta & Cearrbhachais B2C

Le linn 2025, i gcomhar leis an Stiúrthóireacht Chorparáideach, chuir an Stiúrthóireacht Ceadúnaithe le forbairt cur chuige struchtúrtha maidir le táillí iarratais do cheadúnais gealltóireachta B2C, atá ailínithe le cuspóir GRAI samhail rialála inbhuanaithe a oibriú.

I measc na bpríomhnithe a baineadh amach:

- Dearadh creat táillí le haghaidh iarratais ar cheadúnais ghealltóireachta agus chluichíochta B2C
- Anailís ar thiománaithe costais ceadúnaithe, lena n-áirítear próiseáil iarratais, dícheall cuí, agus maoirseacht rialála leanúnach
- Tagarmharcáil i gcoinne córais rialála idirnáisiúnta inchomparáide
- Forbairt struchtúr táillí atá i gcomhréir le scála an oibreora

Tá sé mar aidhm leis an tsamhail táillí a eascraíonn as sin aisghabháil costais a chinntiú agus comhréireacht a choinneáil i measc cineálacha éagsúla oibreoirí gealltóireachta B2C.

## Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara agus Ullmhacht Margaidh

Ba phríomhthosaíocht é an rannpháirteachas le páirtithe leasmhara chun feasacht agus ullmhacht a chothú ar fud na hearnála.

I measc na bpríomhnithe a baineadh amach:

- Reáchtáladh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus seisiúin eolais tionscail
- Foilsiú ábhar treorach ina leagtar amach ceanglais cheadúnaithe
- Cumarsáid maidir le hamlínte réamh-mheasta agus socruithe idirthréimhseacha

Thacaigh na gníomhaíochtaí seo le rannpháirtíocht luath le hoibreoirí agus chuir siad le hullmhacht fheabhsaithe sa mhargadh roimh thosach feidhme an cheadúnaithe.

## Struchtúir Chinnteoireachta

Bunaíodh socruithe láidre rialachais chun tacú le cinntí ceadúnaithe trédhearcacha, comhsheasmhacha agus inchosanta.

I measc na bpríomhnithe a baineadh amach:

- Cur i bhfeidhm creataí cinnteoireachta foirmiúla
- Bunú próiseas athbhreithnithe agus géaraithe inmheánaigh
- Glacadh le beartais rialachais, lena n-áirítear rialuithe coinbhleachta leasa

Tá na struchtúir sin ríthábhachtach chun sláine rialála agus muinín sa chóras ceadúnaithe a choinneáil.

## Trédhearcacht agus Cuntasacht Phoiblí

Tugadh faoi obair ullmhúcháin chun tacú le trédhearcacht in oibriú an chórais ceadúnaithe.

I measc na bpríomhnithe a baineadh amach:

- Beidh an clár poiblí ina phríomh-mheicníocht chun cuntasacht a chinntiú agus infheictheacht a sholáthar do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara

## Conclúid agus Súil chun Cinn

Tríd is tríd, tá dul chun cinn suntasach bainte amach ag an Stiúrthóireacht Ceadúnaithe i ngach réimse seachadta atá beartaithe do 2025. Tá an creat ceadúnaithe lárnach, na córais, na struchtúir agus na cumais oibríochtúla tacaíochta i bhfeidhm anois nó ag céim ullmhachta atá beagnach réidh.

Díreoidh an chéad chéim eile, a thosóidh in 2026, ar an méid a leanas:

- Iarratais ar cheadúnú a oscailt
- Iarratasóirí a phróiseáil agus a mheas
- Ceadúnais tosaigh a dheonú
- Mionchoigeartú leanúnach ar chórais agus ar phróisis bunaithe ar thaithí oibríochtúil
- Forbairt riachtanas don chéad chéim eile den cheadúnú

# SPRIOC STRAITÉISEACH 2 Monatóireacht agus Comhlíonadh

## Forléargas

Bliain ghnóthach ba ea 2025 don Stiúrthóireacht um Chomhlíonadh agus Gearáin agus iad ag iarraidh córas comhlíonta cuimsitheach, láidir agus réamhghníomhach a bhunú le go mbeadh sé ag teacht le heisiúint an chéad tráinse ceadúnas i mí Iúil 2026.

## Buaicphointí 2025

- Forbairt dhian ar an ardán rialála comhlíontachta TFC atá le bheith críochnaithe faoi dheireadh R2 2026
- Dréachtú agus forbairt na Straitéise & Creata Comhlíontachta 3 bliana agus an phlean gnó bunaithe ar an gclár bliantúil tuarascálacha, cigireachtaí, iniúchtaí agus gníomhaíochtaí monatóireachta comhlíontachta. Cuirfidh sé seo ar chumas monatóireacht rialta ar an gcóras a sholáthar chomh maith le measúnuithe agus iniúchtaí domhain ar scála mór.

Leagtar amach sna tionscadail seo fís don Stiúrthóireacht, na seifteanna a úsáidfear chun athrú cultúrtha a chur i gcrích laistigh de thionscal cearrbhachais na hÉireann. Leagtar amach iontu freisin an dóigh a dtógfar an fheidhm agus na príomhthosaíochtaí don Stiúrthóireacht um Chomhlíonadh i mblianta 1-3 agus na gníomhaíochtaí measúnaithe comhlíontachta a dhéanfar, an spriocmhéid samplach de cheadúnaithe agus na KPIanna a ndéanfar monatóireacht orthu.

## Taighde Comparáideach

Réimse fócais thábhachtach ba ea taighde comparáideach, inar scrúdaíomar dea-chleachtas i gcomhlíonadh cearrbhachais agus inar líonraíomar le rialtóirí cearrbhachais eile. Áiríodh leis seo cuairt ar Choimisiún Cearrbhachais na Ríochta Aontaithe i mí Aibreáin, ceardlanna ar líne le rialtóirí na Beilge agus Ghiobráltar níos déanaí in 2025 agus seiceálacha rialta le rialtóirí san Ísiltír, sa Danmhairg agus i Málta chun aiseolas a fháil ar phróisis. D'eagraíomar sraith cruinnithe pearsanta le rialtóirí agus geallsealbhóirí cearrbhachais eile timpeall ar Chomhdháil Bhliantúil Fhóram Eorpach na Rialtóirí Cearrbhachais san Aithin ag deireadh mhí na Bealtaine. Tá cruinnithe ar siúl freisin le rialtóirí Éireannacha eile, lena n-áirítear an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC), Coimisiún na Meán, Banc Ceannais na hÉireann i measc eagraíochtaí eile.

## Creatlach Comhlíontachta

Rinne an Stiúrthóireacht sraith taighde i dtéarmaí anailís a dhéanamh ar sheirbhísí atá ar fáil le haghaidh cigireachtaí agus iniúchtaí, agus thacaigh an Stiúrthóireacht le foilsiú doiciméad treorach i dtéarmaí na n-oibleagáidí rialála.

Rinne an Stiúrthóireacht taighde domhain freisin ar mhúnlaí riosca chun eolas a chur ar fáil dár dtosaíochtaí comhlíontachta. D'iarr muid ionchur ó rialtóirí eile maidir lenár gcur chuige agus lenár gcuspóirí. Chríochnaigh an Stiúrthóireacht dréachtú na foirme Tuairisceáin Ráithiúla do cheadúnaithe, agus tá go leor airde tugtha ar na doiciméid chomhlíonta éagsúla atá riachtanach, lena n-áirítear na foirmeacha imeachtaí ábhartha.

## Gearáin

I réimse na ngearán, tá ceardlanna fairsinge, pleanáil agus ullmhúchán déanta agus próisis forbartha chun go mbeidh feidhm ghearáin GRAI beo faoin 1 Iúil 2026. Reáchtáladh plé le páirtithe seachtracha agus rinneadh cuid mhór oibre scóipeála chun dea-chleachtas a chinntiú. Tar éis ceardlanna inmheánacha, tiocfar ar leagan críochnúil den fhoirm ghearáin lena leabú ar shuíomh gréasáin GRAI. Rochtain éasca, treoracha maidir le sábháilteacht cearrbhachais agus cairdiúlacht úsáideora na tosaíochtaí atá againn don obair seo.

## Treo Polasaí

Tá cuid mhór d'obair na Stiúrthóireachta dírithe ar rialacháin agus ar pháipéir Údaráis a chur i láthair i ndáil le rialacháin don Údarás chun go gceadóidh sé ár dtreo beartais atá beartaithe. Baineann sé seo le taighde agus tagarmharcáil dhomhain, ceardlanna, agus idirphlé le comhpháirtithe dlí chun a chinntiú go bhfuil bunachair fhianaise chuimsitheacha ar fáil i réimsí éagsúla chun cabhrú leis an Údarás ina chuid plé.

## Conclúid agus Súil chun Cinn

Tríd is tríd, tá ualach oibre dian bainistithe ag an Stiúrthóireacht um Chomhlíonadh agus Gearáin agus tá a hacmhainní úsáidte go héifeachtach chun a chinntiú go mbeidh an fheidhm in ann seasamh leis an obair i gcomhar le heisiúint ceadúnas. Bliain thar a bheith gnóthach ba ea 2025 agus go leor beartaithe do 2026, ina measc:

- An t-ardán rialála TFC le haghaidh comhlíontachta a chur i bhfeidhm agus tús a chur leis an tsraith iomlán nósanna imeachta comhlíontachta
- Cur i bhfeidhm na nósanna imeachta gearán chun déileáil le Gearáin Chuid 7
- Cur i bhfeidhm na straitéise agus an chreata comhlíontachta
- Na ceadúnaithe a thabhairt ar an aistear comhlíontachta trí idirphlé, cumarsáid agus treoir

# SPRIOC STRAITÉISEACH 3 Forfheidhmiú

## Forléargas

Bunaíodh an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú, Dlí agus Frith-Sciúradh Airgid le linn na tréimhse tuairiscithe mar phríomhfheidhm de chuid GRAI. Ina chéad bhliain, dhírigh an Stiúrthóireacht ar an ailtireacht rialála is gá a thógáil chun feidhm forfheidhmiúcháin éifeachtach, phrionsabail agus chomhréireach a sheachadadh faoin Acht um Rialáil Cearrbhachais 2024. Cuimsíodh leis seo forbairt prionsabal agus beartas forfheidhmithe, pleanáil fórsa saothair agus gnó, dearadh bonneagair dhigitigh, agus rannpháirtíocht fhairsing le geallsealbhóirí baile agus idirnáisiúnta. D'oibrigh an Stiúrthóireacht freisin chun an tÚdarás a ullmhú chun a fhreagrachtaí mar údarás inniúil a chomhlíonadh chun críocha reachtaíocht frith-sciúradh airgid nuair a aistreofar an fheidhm sin ón Roinn Dlí agus Cirt sa deireadh.

## Spriocanna Straitéiseacha agus Ullmhacht Oibríochtúil

Is é cuspóir straitéiseach na Stiúrthóireachta creat forfheidhmithe láidir a fhorbairt a chuireann ar chumas an Údaráis aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar an Acht go héifeachtach, go díspreagúil agus go comhréireach agus sciúradh airgid a bhaineann le cearrbhachas a chosc. Chun na críche sin, tá pleananna mionsonraithe gnó agus fórsa saothair ullmhaithe chun tacú le bunú agus leathnú céimnithe acmhainn na Stiúrthóireachta.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le cur i bhfeidhm reachtaíochta. Tá anailís dhlíthiúil agus beartais curtha ar fáil ag an Stiúrthóireacht ar raon ábhar casta. Tá dul chun cinn déanta ar shocruithe chun an margadh dubh a bhrath agus a chosc. Tá an obair ar dhearadh próiseas breithiúnais, príomh-mheicníocht forfheidhmithe faoin Acht, críochnaithe go substaintiúil, agus saineolas seachtrach speisialaithe mar thaca leis sin. D'oibrigh an Stiúrthóireacht leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce freisin maidir le ceapachán breithneoirí, oifigeach achomhairc agus forbairt próiseas achomhairc.

## Córais agus Bonneagar Digiteach

Tá tús áite tugtha ag an Stiúrthóireacht d'fhorbairt córas digiteach láidir chun tacú le hoibríochtaí forfheidhmithe. Tá uirlisí speisialaithe bainistíochta imscrúduithe á soláthar.

Tá an Stiúrthóireacht tar éis cur le forbairt chórais CRM ar fud an Údaráis agus d'oibrigh sí le comhghleacaithe ar chreat rialachais faisnéise a bhunú. Tá córas bainistíochta eolais á thógáil chun tacú le gabháil agus aisghabháil struchtúrtha faisnéise rialála agus eolais institiúidigh.

## Frith-Sciúradh Airgid

Is réimse fócais suntasach é an tÚdarás a ullmhú chun a ról mar údarás inniúil faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010. Déanann an Stiúrthóireacht ionadaíocht ar an Údarás ar an gCoiste Stiúrtha idir-rannach um Frith-Sciúradh Airgid agus tá ionchuir mhionsonraithe curtha ar fáil aici don Mheasúnú Riosca Náisiúnta ar Sciúradh Airgid, Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Maoiniú Iomadú.

Leanadh leis an dlúthpháirtíocht leis an Aonad Comhlíontachta Frith-Sciúradh Airgid sa Roinn Dlí agus Cirt ar feadh na tréimhse, agus tá clár oibre ar siúl chun tacú le haistriú ordúil fheidhm an údaráis inniúil.

## Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Tá clár rannpháirtíochta struchtúrtha le comhghleacaithe intíre agus idirnáisiúnta curtha i bhfeidhm ag an Stiúrthóireacht chun dearadh fheidhm forfheidhmithe an Údaráis a threorú agus chun caidrimh chomhoibríocha a thógáil.

Ar leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta, tá an Stiúrthóireacht tar éis páirt ghníomhach a ghlacadh i bhFóram Eorpach na Rialtóirí Cearrbhachais, lena n-áirítear a ghrúpa oibre forfheidhmithe, Cumann Idirnáisiúnta na gComhairleoirí Cearrbhachais, agus ICE. Thug na rannpháirtíochtaí seo léargas luachmhar ar an dea-chleachtas rialála ar fud na ndlínse agus d"ardaigh siad próifíl an Údaráis go hidirnáisiúnta.

Tá an Stiúrthóireacht tar éis plé fairsing a dhéanamh leis an nGarda Síochána, leis an Roinn Dlí agus Cirt, agus le rialtóirí comhghleacaithe, agus tá Meabhráin Tuisceana á gcur chun cinn aici le roinnt comhlachtaí lena n-áirítear an Garda Síochána. Gné chomhsheasmhach den tréimhse seo is ea an rannpháirtíocht le rannpháirtithe sa tionscal, lena n-áirítear na príomhoibreoirí cearrbhachais, rud a thacaíonn le cur chuige comhoibríoch i leith chur i bhfeidhm an chreata rialála nua.

## Conclúid agus Súil chun Cinn

Sa bhliain amach romhainn, díreoidh an Stiúrthóireacht ar earcaíocht do phoist thábhachtacha chun tacú le bailiú imscrúdaitheach agus faisnéise agus forbairt próiseas agus nósanna imeachta forfheidhmiúcháin chun taca a chur faoi phróisis forfheidhmiúcháin, chun comhsheasmhacht, trédhearcacht agus éifeachtúlacht a chinntiú i ngníomhartha forfheidhmiúcháin. Aistreofar obair na Stiúrthóireachta ó dhearadh go seachadadh oibríochtúil na feidhme forfheidhmithe. Beidh tosaíocht fós ag baint le dul in éadan ghníomhaíocht an mhargaidh dhuibh, leanúint de bheith ag forbairt bonneagair dhigitigh, socruithe aistrithe maidir le frith-sciúradh airgid a chur i gcrích, agus caidrimh rialála intíre agus idirnáisiúnta a dhoimhniú.

# SPRIOC STRAITÉISEACH 4 Cosaint agus Feasacht Tomhaltóirí

## Forléargas

Is gnéithe ríthábhachtacha iad rannpháirteachas agus cumarsáid éifeachtach le páirtithe leasmhara i gcur chuige GRAI maidir lenár bhfeidhmeanna rialála agus lenár ról reachtúil i dtaighde agus i bhfeasacht oideachais a chur i bhfeidhm. In 2025, chuir an Stiúrthóireacht um Chosaint Tomhaltóirí agus Cumarsáid roinnt cainéil chumarsáide ar fáil a fheidhmeoidh mar bhunús don obair seo. Áiríodh leo sin suíomh gréasáin nua agus cainéil meán sóisialta a fhorbairt, nuachtlitir a thabhairt isteach chun ár bpáirtithe leasmhara éagsúla a choinneáil ar an eolas agus thacaíomar le raon riachtanas cumarsáide ó na Stiúrthóireachtaí éagsúla. Tosaíocht straitéiseach do GRAI is ea dochar an chearrbhachais a mhaolú agus a laghdú trí thaighde, oideachas agus cumarsáid éifeachtach. Agus céimeanna á nglacadh againn i dtreo an chuspóra sin a bhaint amach, chuireamar ár gcéad mhórfheachtas feasachta branda i gcrích agus chuireamar roinnt tionscnamh taighde tábhachtach i gcrích agus thacaíomar leo. Chuireamar tús freisin le forbairt an Chiste Tionchair Shóisialta, uirlis ríthábhachtach um chosaint tomhaltóirí faoin reachtaíocht.

## Ciste Tionchair Shóisialta

Ceann de na hoibleagáidí dlíthiúla nua tábhachtacha chun an pobal a chosaint ar dhochar cearrbhachais ná an Ciste Tionchair Shóisialta. Tacóidh an ciste le cláir oideachais agus feasachta maidir le cearrbhachas díobhálach, maoineoidh sé taighde ar chearrbhachas díobhálach agus cuirfidh sé maoiniú ar fáil do bhearta chun déileáil le díobhálacha an chearrbhachais agus aghaidh a thabhairt orthu.

Is é an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, Jim O'Callaghan TD, a chinnfidh an ráta ranníocaíochta. Le linn 2025, d'fhorbair GRAI togra don mhúnla réamh-mheastacháin ranníocaíochta don chiste a bhí bunaithe ar leibhéil láimhdeachais earnála agus a raibh comhairliúchán le rialtóirí eile mar bhonn leis. Chomh maith leis sin, choimisiúnaigh GRAI athbhreithniú neamhspleách ó Chomhairleoir Eacnamaíoch Indecon ar an togra seo sular cuireadh faoi bhráid an Aire é lena bhreithniú.

Is tosaíocht lárnach do GRAI a chinntiú go gcuirfear maoiniú faoin gCiste Tionchair Shóisialta ar fáil a luaithe a bheidh an reachtaíocht ábhartha agus na horduithe tosaithe i bhfeidhm. In 2025, chuaigh muid i gcomhpháirtíocht le Pobal chun cabhrú le dearadh agus riarachán an chiste. Le chéile rinneamar méid suntasach oibre le rannpháirtithe, comhairliúcháin agus taighde margaidh le soláthraithe reatha sa cheantar, daoine a bhfuil taithí acu, an FSS, an Bord Taighde Sláinte agus an Roinn Dlí agus Cirt chun cuidiú le forbairt na Straitéise Maoinithe Tionchair Shóisialta. Leagtar amach sa straitéis cuspóirí agus spriocanna soiléire don Chiste Tionchair Shóisialta.

## Taighde

Is feidhm lárnach de chuid GRAI leas an phobail agus na sochaí, go háirithe mionaoisigh, a chosaint ar dhochar an chearrbhachais. Tá sé ríthábhachtach bonn fianaise a thógáil chun seo a bhaint amach d'fhonn eolas a dhéanamh dár gcur chuige i leith na rialála agus na forbartha beartais agus chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis is déanaí, is ábhartha agus is inrochtana ag an bpobal a bhaineann le dochar agus andúil sa chearrbhachas.

In 2025:

- Bhunaíomar meitheal taighde agus d'óstálamar cruinnithe ráithiúla ar ar fhreastail ionadaithe ó na dreamanna a leanas: an Bord Taighde Sláinte (HRB), an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), agus an Institiúid Uile-Oileáin um Shláinte Phoiblí (IPH).
- Chuamar i gcomhpháirtíocht leis an ESRI chun tuarascáil dar teideal 'Effects of inducements on sports gambling and decision-errors: A study' a chur ar fáil. Fuarthas amach sa tuarascáil chéanna gur mhéadaigh dreasachtaí amhail geallta saor in aisce agus ráthaíochtaí aisíoctha airgid caiteachas níos mó ná 10 faoin gcéad i suíomh turgnamhach agus gur laghdaigh siad líon na ndaoine a roghnaíonn gan geall a chur. Foilsíodh an staidéar in iris idirnáisiúnta phiarmheasúnaithe.
- Chuireamar fáilte roimh an deis cur le taighde a rinne AMLÉ (Aontas na Mac Léinn in Éirinn) ar leitheadúlacht agus tréithe gníomhaíochta cearrbhachais i measc mac léinn d'fhonn cabhrú le feachtais agus beartas a chur ar an eolas ar leibhéal náisiúnta.

## Feachtas Feasachta Poiblí

I mí Dheireadh Fómhair 2025, sheol an Stiúrthóireacht um Chosaint Tomhaltóirí agus Cumarsáid an chéad fheachtas mór feasachta branda GRAI. Thacaigh an feachtas, a thosaigh i mí Dheireadh Fómhair 2025, le tabhairt isteach branda GRAI le straitéis meán ilchainéil a chuimsigh taispeántas clársceidealaithe, físeán ar líne, agus gníomhachtú físe spriocdhírithe a dhírigh ar chláir spóirt craolta nideoige. Bhí an feachtas bunaithe ar thaighde arna choimisiúnú ag GRAI ag ESRI a léirigh leitheadúlacht an chearrbhachais fhadhbaigh in Éirinn agus bhí fógraí ann a bhí saincheaptha go sonrach chun díriú ar fhir, ar mhná agus ar dhéagóirí agus bhí leagan cruthaitheach Gaeilge tiomnaithe ann. D'éirigh go han-mhaith leis an bhfeachtas agus thar na bealaí uile seachadadh 13.31 milliún imprisean agus 277,244 cliceáil.

## Conclúid agus Súil chun Cinn

Sa bhliain 2025, rinne an Stiúrthóireacht um Chosaint Tomhaltóirí agus Cumarsáid dul chun cinn suntasach maidir le bunchloch cumarsáide agus obair le rannpháirtithe a bhunú don eagraíocht agus maidir leis an obair chrua a leagan do chuspóir straitéiseach na haonaid, is é sin dochar an chearrbhachais a mhaolú agus a laghdú. Beidh sé mar phríomhfhócas don bhliain amach romhainn na bunghnéithe seo a thógáil chun an pobal a oiliúint agus a chur ar an eolas ní hamháin faoinár bhfeidhmeanna rialála, ach freisin chun na daoine is leochailí sa tsochaí a chosaint agus a chur ar an eolas faoi na dochair a bhaineann le cearrbhachas fadhbach.

# SPRIOC STRAITÉISEACH 5 Daoine, Eagraíocht agus Rialachas

## Forléargas

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistíocht agus riarachán laethúil GRAI. Bhí ár bhfócas tosaigh ar chóras ceadúnaithe láidir a thógáil agus a chur i bhfeidhm don earnáil chearrbhachais, an creat rialála, agus cumarsáid a dhéanamh le rannpháirtithe tábhachtacha faoin údarás rialála nua.

Tá líon suntasach beartas agus nósanna imeachta agus struchtúir rialachais tugtha isteach againn, oibríochtaí forbartha againn, baill foirne nua ceaptha againn agus tá iarracht déanta againn a chinntiú go bhfuil acmhainní cuí daonna agus airgeadais ag GRAI.

Leanann an timpeallacht oibríochtúil de bheith ag athrú, agus muid ag bogadh isteach i gcéim sheachadadh cuid dár bhfeidhmeanna rialála i rith 2026.

## Soláthar Foirne

Is eagraíocht bheag ach dhinimiciúil í GRAI faoi láthair, áit a bhfuil ionracas mar aidhm agus cinnteoireacht chomhsheasmhach agus éifeachtach á cinntiú aici. Cé gur eagraíocht nua muid fós, tá forbairt foirne agus feabhsú leanúnach mar phríomhfhócas againn. Éilíonn GRAI meascán de shaineolas speisialtóireachta, lucht cinnteoireachta, bainisteoirí cásanna agus riarthóirí agus déanaimid ár ndícheall a chinntiú go bhfuil na scileanna agus an saineolas cuí againn ag gach leibhéal den eagraíocht agus go n-úsáidtear na hacmhainní seo ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla.

Choimisiúnaigh GRAI i gcomhar le Ernst and Young plean fórsa saothair chun léiriú a dhéanamh ar athruithe le déanaí san earnáil chearrbhachais, sa mhargadh saothair, ar theacht chun cinn na teicneolaíochta, ar an méadú ar chearrbhachas ar líne/iargúlta agus ar ghlacadh le hintleacht shaorga, agus léirigh na nithe seo go léir athmheasúnú ar an bhfórsa saothair atá beartaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar an ngá seo, rinneadh athbhreithniú straitéiseach trí bliana ar phleanáil fórsa saothair. Ba é cuspóir an athbhreithnithe seo a chinntiú go bhfuil foireann oibre GRAI struchtúrtha, acmhainní agus feistithe i gceart chun freastal ar an tírdhreach cearrbhachais atá ag athrú i gcónaí, ceanglais reachtacha a chomhlíonadh agus cuspóirí straitéiseacha GRAI a bhaint amach thar na trí bliana atá romhainn. Tá na moltaí maidir le méadú comhbheartaithe ar earcaíocht foirne i gcomhréir le plean oibriúcháin leathan 3 bliana GRAI: Bunú (2025), Oibríochtú (2026) agus BAU (2027).

De réir mar a bhogann GRAI i dtreo timpeallacht ghnó mar is gnách, beidh gá le hacmhainní daonna méadaithe chun clárú, meastóireacht, oideachas, treoir, monatóireacht agus comhlíonadh, imní agus cúrsaí dlí a bhainistiú.

Leanfaimid orainn ag athbhreithniú ár riachtanais foirne go rialta lena chinntiú go bhfuil siad ailínithe i gceart lenár seachadtaí agus lenár gcuspóirí. Ar an 31 Nollaig 2025, bhí 28 ball foirne lánaimseartha i bpost ag GRAI.

## Forbairt Foirne

Tá fócas ag GRAI ar fhorbairt foirne agus ar bheith ina fhostóir rogha i gcomhréir lenár gcuspóirí straitéiseacha. Tá roinnt spriocanna tábhachtacha curtha i gcrích againn le 10 mí anuas, lena n-áirítear cruinnithe míosúla don fhoireann uile, cláir oiliúna inmheánacha, tacaíocht do chúrsaí oiliúna seachtracha agus freastal foirne ar chomhdhálacha agus imeachtaí a bhaineann le cearrbhachas.

## Áitreabh

I mí Aibreáin 2025, fuair GRAI cóiríocht oifige nua i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, rud a chuir feabhas ar an timpeallacht oibre agus a chuir ar chumas fás ár lucht saothair chun a chinntiú go mbainfear ár gcuspóirí amach.

## Riachtanais SEAI

Tá GRAI ar an eolas faoina oibleagáidí maidir le tuairisciú fuinnimh agus cuirfidh sé tús leis seo in 2026 a luaithe a bheidh bonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh bunaithe. Cuirfimid in iúl an dóigh a bhfuil sé mar aidhm ag an eagraíocht ceanglais Shainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí a chomhlíonadh tríd ár dTreochlár Gníomhaíochta chomh maith le tuairisciú a dhéanamh ar ár gcomhlíonadh le Ciorclán 1/2020 (Nósanna Imeachta chun na hastaíochtaí a bhaineann le taisteal oifigiúil aeir a fhritháireamh).

## Iarratais ar Shaoráil Faisnéise (FOI)

Tá scéim foilsitheoireachta um Shaoráil Faisnéise á cur i bhfeidhm ag GRAI, mar a cheanglaítear le hAlt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, agus beidh rochtain uirthi ar ár suíomh Gréasáin. Fuarthas 7 n-iarratas um Shaoráil Faisnéise in 2025. Ceadaíodh ceann amháin go hiomlán, ceadaíodh ceann amháin go páirteach, diúltaíodh do 4 cinn agus tarraingíodh ceann amháin siar, agus iad uile tar éis meastóireachta i gcoinne an Achta.

Ní bhfuair GRAI aon iarratas ar athbhreithniú inmheánach le linn 2025. Ní dhearnadh aon iarratas chuig an OIC maidir le cinntí FOI GRAI ach an oiread.

## Sáruithe ar Shonraí

Tharla mionsárú amháin ar sonraí le linn 2025 agus taifeadadh é mar shárú ísealriosca. Tuairiscíodh é don Choimisinéir Cosanta Sonraí, mar sin féin. Faoi láthair, faigheann GRAI Seirbhísí Cosanta Sonraí ar conradh ó Ernst & Young.

Níor chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) aon imscrúdú ar bun maidir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) agus GRAI le linn 2025. Ní bhfuair an CCS aon ghearán maidir le GRAI le linn na tréimhse seo ach an oiread.

## Comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá GRAI tiomanta do chloí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. I gcomhréir le halt 4B d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, tá fostaí sinsearach ceaptha ag GRAI chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh a chuid oibleagáidí reachtúla teanga.

## Ceisteanna Parlaiminte

Fuair agus d'fhreagair GRAI 46 ceist pharlaiminte in 2025. Tá seoladh ríomhphoist sainithe ag an rialtóir do Theachtaí Dála agus do Sheanadóirí chun an próiseas a chuíchóiriú.

## Iarratais Duine ar a Sonraí

Sa bhliain 2025, ní bhfuair GRAI aon Iarratas Duine ar a Sonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tá GRAI tiomanta fós do chearta daoine aonair a chosaint chun rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta agus nósanna imeachta bunaithe aige chun SARanna a láimhseáil go pras agus i gcomhréir iomlán le ceanglais RGCS.

Ní bhfuair GRAI aon iarratas ar scriosadh, ar leasú nó ar shrianadh faoin RGCS le linn 2025.

## Nochtuithe Cosanta

"Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear GRAI faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i ndáil le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh dó sa bhliain roimhe sin, agus an gníomh a glacadh mar fhreagra ar aon nochtuithe cosanta den sórt sin. Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta do GRAI sa tréimhse ón 5 Márta go dtí an 31 Nollaig 2025.

## Conclúid agus Súil chun Cinn

Bliain thar a bheith gnóthach ab ea 2025 don Stiúrthóireacht, agus i measc na bpríomhcheisteanna don eagraíocht le linn na bliana bhí earcaíocht leanúnach, forbairt beartais agus nósanna imeachta agus ceanglais rialachais. In 2026, leanfar de bhéim a leagan ar leathnú foirne chomh maith le hiarrachtaí a choinneáil chun creat láidir rialachais agus comhlíontachta a leabú ar fud na heagraíochta. Seo a leanas cuid de na príomhspriocanna:

- Líon foirne méadaithe go suntasach
- Gach sprioc éigeantach um chomhlíonadh bainte amach
- Oiliúint curtha ar an bhfoireann i leith beartais inmheánacha ábhartha
- Iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha rathúla
- Foilsiú Thuarascáil Bhliantúil GRAI 2025

SPRIOC STRAITÉISEACH 6

# Digiteach chun Tosaigh

## Forléargas

Áirítear sprioc i ráiteas straitéise GRAI 2025-2027 chun feidhm shofhreagrúil TFC a bhunú a thacaíonn le haonaid ghnó an Údaráis agus a pháirtithe leasmhara, a bhaineann leas as anailís sonraí agus IS chun comhlíonadh a shainchúraim reachtaigh a spreagadh agus a chuireann ar chumas an Údaráis rialáil éifeachtach a dhéanamh ar earnáil chearrbhachais atá ag athrú go tapa.

## Bunú

Tar éis soláthar poiblí dian, arna éascú ag an bpróiseas Idirphlé Iomaíoch, roghnaíodh tairgeoir rathúil i dtreo dheireadh 2024 chun na córais rialála go léir a chur i bhfeidhm do GRAI. Ba é Deloitte Ireland an tairgeoir ar éirigh leis agus ba é SalesForce an t-ardán chun córais rialála a sheachadadh – eadhon an táirge Réitigh na hEarnála Poiblí (PSS) atá suite ar Scamall Seirbhíse Salesforce. Shínigh Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce an conradh i mí Feabhra 2025. B'fhiú €10.4 milliún an conradh seirbhísí seo chun feidhmiúlacht riachtanach a sheachadadh laistigh de Cheadúnú, Comhlíonadh, Forfheidhmiú agus an Clár Náisiúnta um Eisiamh Cearrbhachais.

Chun ár mbunú i mí an Mhárta 2025, bogadh ár n-oifige agus ár n-eastóscadh ó chórais TFC na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a éascú, cinneadh comhpháirtíocht a dhéanamh le foireann Tógáil le Comhroinnt (BTS) Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) chun an bonneagar áitiúil go léir a sheachadadh i dTeach Ballaugh. Áiríodh leis seo crua-earraí, ríomhairí glúine, ríomhairí deisce, gléasanna soghluaiste a líonrú agus na bogearraí agus na córais choimhdeacha go léir a bhí riachtanach chun iad a nascadh go sábháilte le líonraí rialtais agus leis an idirlíon.

Bhí dhá thaobh den straitéis Digiteach Ar dtús sa chéim bhunaithe seo, eadhon dul chun cinn ar Ardán Rialála comhaontaithe (SalesForce) agus córais uathoibrithe oifige arna seachadadh ag OGCIO BTS (Microsoft Office, eDOCS agus uirlisí gaolmhara) á n-úsáid. Leis an gcur chuige seo, bhíomar in ann ár n-acmhainní teoranta a dhíriú ar an Ardán Rialála agus ag an am céanna leas a bhaint as an OGCIO chun aire a thabhairt do na riachtanais uile maidir le bonneagair agus uathoibriú oifige.

Ba é an riachtanas gnó ná feidhmiúlacht Ceadúnúcháin a sheachadadh ar dtús, agus ina dhiaidh sin Comhlíonadh, NGER agus Forfheidhmiú. Rinneadh an próiseas soláthair roimh an leagan deiridh den Acht agus rinne sé buille faoi thuairim eolasach ar an riachtanas feidhmiúlachta maidir le Ceadúnú agus an NGER cé nach raibh aon cheanglas mapáilte amach ann maidir le Comhlíonadh agus Forfheidhmiú. Thug sé seo soiléireacht maidir le costais an chéad cheann, agus foráladh praghas seasta don dara ceann bunaithe ar chostas na tairisceana don Cheadúnú. Chiallaigh sé seo go bhféadfaí an táirge ceadúnaithe bunúsach a sheachadadh laistigh de sceideal daingean 16 seachtaine. Seachadadh an chéad eisiúint cheadúnúcháin in am agus laistigh den bhuiséad i mí Iúil 2025. Ós rud é nár cuireadh tús leis an Acht ag an am seo, agus go raibh Saineolaithe Ábhair (SÁanna) oilte earcaithe anois, cinneadh tosú ag obair ar leagan feabhsaithe den táirge Ceadúnúcháin agus seachadadh é seo i mí na Nollag 2025 d'fhonn é a chur beo go luath in 2026.

## Suíomh Gréasáin agus CRM GRAI

I gcomhthráth leis an méid thuas, mar thoradh ar phróiseas soláthair eile ceapadh díoltóir forbartha gréasáin chun ár suíomh gréasáin poiblí, www.grai.ie, a sheachadadh. Seachadadh an brandáil agus an láithreacht nua in am don bhunú i mí an Mhárta 2025. Ba é Ember Technology Ltd. an díoltóir rathúil a sheachaid na comhtháthúcháin riachtanacha ón suíomh Gréasáin poiblí chuig ár nArdán Rialála SalesForce níos déanaí sa bhliain, rud a d'éascaigh bealach isteach i bhfeidhmiúlacht lárnach Bainistíochta Caidrimh le Custaiméirí (CRM).

I mí na Nollag, chuireamar ár réiteach CRM i bhfeidhm agus bhaineamar leas as an bhfeidhmiúlacht réamhdhéanta den chuid is mó laistigh de SalesForce Service Cloud chun bainistíocht chuimsitheach a dhéanamh ar chumarsáid ó rannpháirtithe. Ar dtús, cheadaigh an córas seo cumarsáid trí fhoirm ghréasáin ar ár suíomh gréasáin poiblí www.grai.ie agus ríomhphost agus cuireadh bealaí eile san áireamh níos déanaí. Leis an gcóras seo, is féidir bainistíocht dhlúth a dhéanamh ar chumarsáid na bpáirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear feidhmiúlacht ardúcháin le painéil rialaithe agus tuarascálacha san áireamh chun bainistíocht eolasach agus cur i láthair ardchaighdeáin sonraí a cheadú.

## Rialachas agus Slándáil

Le linn na céime luaithe seo den tionscnamh, forbraíodh, ceadaíodh agus cloíodh le samhail rialachais chuimsitheach, agus áiríodh ann, de réir mar is cuí; Stiúrthóir Teicneolaíochta/Digiteach chun Tosaigh, Bord Comhairleach um Athrú (foghrúpa den Fhoireann Ardbhainistíochta), an Fhoireann Ardbhainistíochta, Coiste Stiúrtha TFC (ICTSC) agus an tÚdarás. Ag an am céanna, coinnítear cainéil ar oscailt leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce trí Ghrúpa Athbhreithnithe Piaraí (PRG). Seoltar tuarascáil achomair mhíosúil ar dhul chun cinn TFC chuig an Oifig Bainistíochta Tionscadail (PMO) sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce freisin.

Tá meon "slán trí dhearadh" ríthábhachtach sa chéim luath seo den tionscnamh. Beidh Faisnéis Inaitheanta Phearsanta (PII) á coinneáil ag GRAI i roinnt dá chórais. Ón mbonn aníos a dheartar gach córas GRAI leis an dearcadh sin agus bhí maoirseacht ann maidir leis seo ó bhaill den Choiste Stiúrtha TFC. I mí na Nollag, críochnaíodh iniúchadh mionsonraithe agus cuimsitheach deisce, agus cuireadh bréagionsaí tástála i bhfeidhm trasna na gcóras. Mar thoradh air seo, bhí léiriú an-dearfach agus soiléir ann go raibh ár seasamh slándála slán de réir dea-chleachtais.

## Conclúid agus Súil chun Cinn

Bliain an-rathúil a bhí in 2025 i rannóg TFC GRAI. Seachadadh na córais uile a bhí riachtanach roimh an riachtanas gnó agus cuireadh Treochlár comhaontaithe i gcrích ag leibhéal an Údaráis chun leanúint de shárchórais shlána agus fheidhmiúla a sholáthar de réir amlíne atá sainithe go soiléir agus spleáchais á gcur san áireamh ann.

Áirítear leis na spriocanna do 2026:

- Téigh beo le hArdán Rialála V1.1.
- Críochnú Ardán Rialála V2 i mí an Mheithimh – Tá go leor comhlíontachta le seachadadh ach beidh feabhsuithe ar Cheadúnú agus feabhsuithe teoranta ar Fhorfheidhmiú ann.
- Forbairt Oibreora um Chlár Náisiúnta Eisiaimh Cearrbhachais faoi dheireadh R4 2026.
- Córas Bainistíochta Doiciméad/Taifead le Coinneáil cheart Sonraí tugtha isteach i ngach réimse gnó (eDocs) lena n-áirítear an tInlíon.
- Oibríochtú Chreat Rialachais Faisnéise – lena n-áirítear Cibearshlándáil, Cosaint & Príobháideacht Sonraí, Bainistíocht Taifead srl.

# Rialachas

**Is iad ár reachtaíocht rialaithe agus an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chinneann ár socruithe rialachais chorparáidigh. Ina theannta sin, tá an caidreamh leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce rialaithe ag Comhaontú Gealltanais Rialachais Chorparáidigh. Déantar athbhreithniú bliantúil ar ár socruithe rialachais chun a chinntiú go gcomhlíontar ár n-oibleagáidí reachtúla agus go gcloítear i gcónaí leis an dea-chleachtas.**

Tháinig comhaltaí an Údaráis le chéile 11 uair ón 5 Márta 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

| Comhalta Boird | Líon Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Paul Quinn (Cathaoirleach) | 11 |
| Celene Craig | 10 |
| Marion Kelly | 9 |
| Rita Purcell | 8 |
| David Hickson | 11 |
| Michael McGrath | 11 |
| Colin O'Driscoll | 11 |

## Fochoistí

### An Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí

Bhunaigh GRAI Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ar a bhfuil beirt chomhaltaí den Údarás agus triúr comhaltaí seachtracha, arb é an Cathaoirleach duine acu. Is é ról an CIR tacaíocht a thabhairt don bhord maidir lena chuid freagrachtaí i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le rioscaí, rialú inmheánach agus árachas lena mbaineann. Tá an CIR neamhspleách ar bainistíocht laethúil airgeadais na heagraíochta.

Reáchtáladh trí chruinniú de chuid an CIR sa tréimhse suas go Nollaig 2025.

### Coiste Stiúrtha TFC

Bhunaigh GRAI Coiste Stiúrtha TFC i mBealtaine 2025. Is é ról an Choiste comhairle agus treoir a thabhairt maidir leis an treo straitéiseach do thionscadail a bhaineann le TF, cur le Straitéis agus Tosaíochtaí TFC GRAI agus le Rialachas & Comhairleoireacht chun tacú leis na tionscadail agus na tionscnaimh seo. Reáchtáladh 6 chruinniú sa tréimhse suas go Nollaig 2025.

## Rialachas agus Tuairisciú Airgeadais

Tá GRAI tiomanta d'ardchaighdeán rialachais chorparáidigh a bhaint amach san eagraíocht. Is comhlíonadh leis an Acht um Rialáil Cearrbhachais, 2024, agus le forálacha an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) a threoraíonn an creat foriomlán rialachais agus rialála in GRAI.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí agus an tÚdarás athbhreithnithe rialta ar thuairiscí inmheánacha airgeadais, ar ar sonraíodh caiteachas in aghaidh an bhuiséid chomhaontaithe, le linn na bliana. Ag teacht leis an gCód Rialachais do Chomhlachtaí Stáit 2016, d'ullmhaigh agus chuir an tÚdarás isteach an Tuarascáil Bhliantúil seo agus na dréachtchuntais airgeadais do 2025 chuig ár máthair-roinn agus chuig an Ard-Reachtaire agus chuig an Ard-Iniúchóir, ag cur in iúl gur léargas fíor agus cothrom iad ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais GRAI idir an 5 Márta agus an 31 Nollaig 2025. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais seo faoi FRS102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhaineann leis an RA agus le hÉirinn, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgid (FRC). Cuirfidh GRAI na cuntais airgeadais faofa do 2025 faoi bhráid an Aire in am trátha.

## Bainistíocht Rioscaí

Bainistíocht Rioscaí

Tá creat bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag GRAI lena n-áirítear Polasaí agus Nós Imeachta Bainistíochta Riosca agus Clár Riosca Corparáideach. Sa chóras bainistíochta riosca, aithnítear agus tuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá roimh GRAI agus tá siad seo aitheanta, meastóireachtaithe agus grádaithe de réir a suntasachta. Déanann an ARC athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach ráithe. Úsáidtear toradh na n-athbhreithnithe riosca chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha. Is mír bhuan ar chlár oibre gach cruinnithe boird é an riosca. Ó dheireadh mhí na Nollag 2025, seo a leanas na 4 phríomhriosca don eagraíocht:

1. Foireann
2. Saincheisteanna reachtúla
3. Ceisteanna buiséid
4. Amlínte ceadúnaithe

## Soláthar

Tá nósanna imeachta forbartha ag GRAI chun cloí leis na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag GRAI, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Déantar an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhainistiú trí sholáthraí seachtrach. Tá cairt iniúchóireachta agus straitéis iniúchóireachta inmheánaí (2025-2027) tugtha isteach ag GRAI. Rinneadh an chéad iniúchadh inmheánach, a chlúdaigh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha, i mí Feabhra 2026 agus is cuid den chóras dearbhaithe a thuairiscítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo é.

## Toscaireachtaí

Níor críochnaíodh aon toscaireachtaí in 2025.

Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann

Gambling Regulatory Authority of Ireland